2026/2486

11.11.2026

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2486 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Samhain 2026

lena n-údaraítear díolúine de bhun Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le gáis ceaptha teasa fhluairínithe a chur ar an margadh i gcineálacha áirithe teaschaidéal monabhloic atá suiteáilte laistigh

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/573 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Feabhra 2024 maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh, le pointe 8(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, cuirtear toirmeasc ar theaschaidéil mhonabhloic dho-aistrithe agus teaschaidéil fhéinchuimsitheacha eile a chur ar an margadh, ag a bhfuil toilleadh ainmniúil ar mó é ná 12 kW ach nach mó é ná 50 kW, ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe ag a bhfuil poitéinseal téimh dhomhanda 150 nó níos mó, ach amháin má cheanglaítear orthu ceanglais sábháilteachta ag an láithreán oibriúcháin a chomhlíonadh. Ón dáta céanna, le pointe 9(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin, cuirtear toirmeasc ar chórais scoilte aer go huisce a chur ar an margadh, ar córais iad ag a bhfuil an toilleadh rátaithe suas le 12 kW agus an acmhainneacht sin san áireamh ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe ar 150 nó níos mó a n-bpoitéinseal téimh dhomhanda, nó a bhraitheann ar na gáis sin lena bhfeidhmiú, ach amháin má cheanglaítear orthu ceanglais sábháilteachta ag an láithreán oibriúcháin a chomhlíonadh.

(2) De bhun Airteagal 11(5) de Rialachán (AE) 2024/573, an 6 Iúil 2026, chuir údaráis inniúla na Gearmáine iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin ar údarú díolúine (an iarraidh ar dhíolúine) lena gceadaítear (i) caidéil teasa mhonabhloic áirithe agus féinchuimsitheacha áirithe, agus (ii) córais roinnte aer go huisce áirithe a chur ar mhargadh an Aontais, a bhfuil toirmeasc le cur ar a gcur ar an margadh faoi phointí 8(d) agus 9(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, faoi seach, ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh.

(3) Is é an trealamh lena mbaineann an iarraidh ar dhíolúine (i) teaschaidéil mhonabhloic ó sháile go huisce agus ó uisce go huisce atá suiteáilte laistigh ag a bhfuil uastoilleadh ainmniúil ar mó é ná 20 kW ach nach mó é ná 50 kW, agus (ii) córais áirithe teaschaidéil mhonabhloic ó aer go huisce atá suiteáilte laistigh ag a bhfuil ducht dúbailte (soláthar agus sceitheadh aeir lasmuigh), a mheastar, chun críoch Rialachán (AE) 2024/573, gur córais scoilte iad ag a bhfuil toilleadh ainmniúil suas le 12 kW agus an toilleadh sin san áireamh. Úsáidtear an chéad chatagóir, go háirithe, i dtithe aonair nó ilteaghlaigh níos mó, i bhfoirgnimh chónaithe níos mó, i bhfeidhmeanna tráchtála éadroma, i líonraí teasa áitiúla, in aisghabháil dramhtheasa, i dtionscadail athchóirithe nó i gcás ina bhfuil srian teicniúil nó dlíthiúil le trealamh aerfhoinse lasmuigh. Tá an dara catagóir beartaithe le haghaidh suiteáil laistigh i bhfoirgnimh ina bhfuil an ciorcad cuisniúcháin ina iomláine suite go hiomlán laistigh den fhoirgneamh, agus ina mbaintear amach malartú aeir lasmuigh trí dhuchtáil dhúbailte thiomnaithe agus i gcás ina méadaítear ar shrianta suiteála a bhaineann go sonrach leis an bhfoirgneamh mar gheall ar chastacht na suiteála.

(4) De réir na hiarrata ar dhíolúine, is deighleog mhargaidh atá dian go teicniúil agus réasúnta teoranta iad teaschaidéil ó sháile go huisce agus ó uisce go huisce sa raon 20–50 kW atá suiteáilte laistigh. Cé go bhfuil roghanna malartacha ag teacht chun cinn i raonta acmhainneachta níos lú, ina n-úsáidtear cuisneáin ar 150 nó níos lú a bpoitéinseal téimh dhomhanda, léirítear san iarraidh nach bhfuil réitigh laistigh sa raon 20–50 kW atá réidh don mhargadh ar fáil go fóill agus éagsúlacht leordhóthanach díobh ann chun na feidhmeanna ábhartha a chumhdach faoin 1 Eanáir 2027. Léirítear san iarraidh ar dhíolúine freisin, maidir leis na córais teaschaidéil mhonabhloic aer go huisce atá suiteáilte laistigh agus ag a bhfuil soláthar agus sceitheadh aeir duchtaithe lasmuigh, nach mór iad a chomhtháthú go sonrach i struchtúr an fhoirgnimh, lena n-áirítear ródú dhá dhucht, bainistiú fuaimiúil agus dearadh aerála. Ina theannta sin, chun an t-aistriú chuig cuisneáin ar 150 nó níos lú a bpoitéinseal téimh dhomhanda a bhaint amach, ní mór coincheapa sábháilteachta breise a fhorbairt, chomh maith le gníomhaíochtaí bailíochtaithe comhfhreagracha agus, i gcás inarb iomchuí, córais braite sceite sular féidir trealamh comhlíontach a chur ar an margadh.

([1]) IO L 2024/573, 20.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/573/oj.

(5) Léirítear san iarraidh ar dhíolúine freisin gur nideog laistigh de mhargadh na dteaschaidéal iad na córais sin, agus go bhfuil gá le ham breise chun teicneolaíochtaí malartacha comhlíontacha a fhorbairt agus a bhailíochtú chun an t-aistriú chuig teicneolaíochtaí malartacha comhlíontacha a bhaint amach. In éagmais díolúine, bheadh ar mhonaróirí tiontú dúbailte a dhéanamh in éineacht a mbeadh costais a mheastar a bheith díréireach mar thoradh air.

(6) Rinne an Coimisiún measúnú ar an iarraidh ar dhíolúine agus measann sé go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 11(5), pointe (a) de Rialachán (AE) 2024/573. Go háirithe, níl roghanna malartacha oiriúnacha ar fáil go fóill atá sách éagsúil le haghaidh an trealaimh agus na bhfeidhmeanna lena mbaineann.

(7) Faoi na himthosca eisceachtúla sin, measann an Coimisiún gurb iomchuí díolúine a bhfuil teorainn ama léi a dheonú le haghaidh an trealaimh lena mbaineann chun leanúnachas oibríochtaí tionsclaíocha a áirithiú agus am leordhóthanach á thabhairt chun roghanna malartacha comhlíontacha a fhorbairt agus a chur in úsáid. Tá údar le tréimhse bliana agus tá sí comhréireach leis na cuspóirí sin a bhaint amach.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gcoiste um gháis ceaptha teasa fhluairínithe, arna bhunú le hAirteagal 34(1) de Rialachán (AE) 2024/573,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. De mhaolú ar phointe 8(d) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, údaraítear leis seo teaschaidéil mhonabloic sáile go huisce agus uisce go huisce ag a bhfuil uastoilleadh ainmniúil ar mó é ná 20 kW ach nach mó é ná 50 kW atá beartaithe lena suiteáil laistigh, ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe ar 150 nó níos mó a bpoitéinseal téimh dhomhanda, a chur ar an margadh, ar choinníoll go ndéantar iad a lipéadú de bhun Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2024/573.

2. De mhaolú ar phointe 9(b) d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/573, údaraítear leis seo córais teaschaidéil mhonabhloic aer go huisce a chur ar an margadh ag a bhfuil soláthar aeir dúbailte duchtaithe lasmuigh atá beartaithe lena suiteáil laistigh, ag a bhfuil toilleadh ainmniúil suas le 12 kW agus an toilleadh sin san áireamh, ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe ar 150 nó níos mó a bpoitéinseal téimh dhomhanda, nó a bhraitheann ar na gáis sin lena bhfeidhmiú, ar choinníoll go ndéantar iad a lipéadú de bhun Airteagal 12(2) de Rialachán (AE) 2024/573.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2027 go dtí an 31 Nollaig 2027.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Samhain 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN